Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Meán Fómhair 2017**
**(OR. en)**

**12352/17**

**FIN 560**
**FSTR 63**
**FC 73**
**REGIO 89**
**SOC 590**
**CADREFIN 94**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 25 Meán Fómhair 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11929/1/17 REV 1 + COR 1 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 4/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa "Buiséad an Aontais Eorpaigh a chosaint ó chaiteachas neamhrialta: Mhéadaigh ar an úsáid atá á baint ag an gCoimisiún as bearta coisctheacha agus ceartuithe airgeadais i dtaca le Comhtháthú le linn na tréimhse 2007-2013"<br>- Conclúidí ón gComhairle (25 Meán Fómhair 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 04/2017 "Buiséad an Aontais Eorpaigh a chosaint ó chaiteachas neamhrialta: Mhéadaigh ar an úsáid atá á baint ag an gCoimisiún as bearta coisctheacha agus ceartuithe airgeadais i dtaca le Comhtháthú le linn na tréimhse 2007-2013", a ghlac an Chomhairle ag an 3560ú cruinniú a bhí aici ar an 25 Meán Fómhair 2017.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 4/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**
**Buiséad an Aontais Eorpaigh a chosaint ó chaiteachas neamhrialta: Mhéadaigh ar an úsáid atá á baint ag an gCoimisiún as bearta coisctheacha agus ceartuithe airgeadais i dtaca le Comhtháthú le linn na tréimhse 2007-2013**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 4/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear "an Chúirt" feasta) agus barúlacha an Choimisiúin ar an Tuarascáil;

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála, eadhon:

a) Tá úsáid éifeachtach bainte ag an gCoimisiún, den chuid is mó, as na bearta a bhí ar fáil dó le linn na tréimhse 2007-2013;

b) Le linn na tréimhse sin, d'fhorchuir an Coimisiún a bhearta coisctheacha agus ceartuithe airgeadais go comhréireach agus, ag an am céanna, bhain sé úsáid níos forleithne as na bearta sin le hais mar a rinne le linn na tréimhse 2000-2006;

c) B'éigean don Choimisiún aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí le linn na tréimhse 2007-2013 a bhain le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gceartuithe airgeadais;

d) Ó tharla nach in aon fhoilseachán amháin, ach i sraith de thuarascálacha neamhchuimsitheacha, a bhíonn tuairisc le fáil ar bhearta coisctheacha agus ceartuithe airgeadais an Choimisiúin, is doiligh forléargas cuimsitheach a fháil ar an iomlán;

e) De bhrí gur minic an chastacht ag roinnt leis na saincheisteanna a ghabhann le bearta ceartaitheacha agus go gcaitear cuid mhaith ama ag réiteach na saincheisteanna sin, is mór an ghuais airgeadais do na Ballstáit an briseadh agus an fhionraí ar íocaíochtaí a eascraíonn as an méid sin;

f) Déanann forálacha rialála na tréimhse 2014-2020 stóinsiú nach suaill ar sheasamh an Choimisiúin i dtaca le buiséad an Aontais a chosaint ó chaiteachas neamhrialta;

(3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE na meastacháin ón gCoimisiún atá sa Tuarascáil, a léiríonn nár íocadh amach as buiséad an Aontais le linn na tréimhse 2000-2006 – a bhuí le ceartuithe airgeadais – aon chaiteachas neamhrialta ar fiú trácht air, agus go raibh – d'aithle na gceartuithe airgeadais sin – an riosca iarmharach carnach a ghabhann le buiséad an Aontais do chláir oibríochtúla na tréimhse 2007-2013 faoin tairseach ábharthachta 2%;

(4) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil glactha ag an gCoimisiún leis na moltaí uile a chuir an Chúirt sa Tuarascáil, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI, maidir le cur chun feidhme na moltaí sin, go bhfuil an Coimisiún ar tinneall na nithe seo a leanas a dhéanamh:

a) tuarascáil *ad hoc* a eisiúint maidir le ceartuithe airgeadais agus stádas clabhsúir Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Chiste Comhtháthaithe, agus chláir Chiste Sóisialta na hEorpa 2007-2013 – mar a rinneadh sa tuarascáil a eisíodh i leith na tréimhse 2000-2006;

b) Córas faireacháin comhtháite a bhunú don tréimhse 2014-2020 ina gcuimsítear idir bhearta coisctheacha agus cheartuithe airgeadais;

(5) CUIREANN SÍ I dTREIS GO LÁIDIR, áfach, nach mór na moltaí ón gCúirt a chur chun feidhme go héifeachtúil, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún iad a chur chun feidhme gan costas breise ná ualaí riaracháin a tharraingt ar údaráis na mBallstát;

(6) CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur ceart tuilleadh béime a chur ar bhearta lena gcoisctear earráidí ar an gcéad ásc, rud a laghdaíonn an riosca airgeadais agus na costais riaracháin a ghabhann le hearráidí agus ceartuithe airgeadais araon ar gach leibhéal, agus IS MEABHAIR DI ról na mBallstát, ról an Choimisiúin, agus ról na Cúirte i ndáil leis an méid sin;

(7) Dá thoisc sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún

a) bearta a cheapadh agus a leathnú, i gcomhar leis na Ballstáit, darb aidhm earráidí a chosc sula dtarlaí siad;

b) cur chuige comhsheasmhach a chur i bhfeidhm maidir le bearta coisctheacha agus ceartaitheacha;

c) a áirithiú go mbeidh na bearta sin i gcomhréir leis na rioscaí agus earráidí lena mbaineann agus a áirithiú go ndéanfar comhchuibhiú ar an gcaoi a gcaitear le gach cás ar fud na gclár agus na mBallstát;

d) gach earráid fhéideartha a chur in iúl in am d'údaráis na mBallstát d'fhonn luathréiteach na hearráide a éascú agus na rioscaí airgeadais a laghdú dá réir;

e) na nótaí treorach sin arb ann dóibh cheana a choimeád cothrom le dáta trí mhodheolaíochtaí agus uirlisí a fhorbairt a bheidh ina gcuidiú ag na Ballstáit earráidí a chosc agus a cheartú, go háirithe earráidí a bhaineann le neamhchomhlíonadh rialacha soláthair phoiblí, agus na Ballstáit a chur ar an eolas gan mhoill maidir le haon athruithe;

f) rialacha trédhearcacha intuartha a bhunú maidir leis an nós imeachta a úsáidfear i gcás ina gcuirtear i bhfeidhm bearta ceartaitheacha, go háirithe i dtaca le cumarsáid a dhéanamh leis na Ballstáit agus i dtaca le spriocdhátaí;

(8) AITHNÍONN SÍ gurb é an creat rialála casta atá ann is bunsiocair le cuid mhaith de na hearráidí sin agus gur den ríthábhacht, má táthar le hearráidí a chosc feasta, go ndéanfaí na rialacha a ghabhann le cur chun feidhme a shimpliú; ós amhlaidh atá, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún – tráth a mbeidh tograí reachtacha á n-ullmhú aige don tréimhse i ndiaidh 2020 - a mharana a dhéanamh ar na moltaí, a rinne an Grúpa Ardleibhéil, maidir le faireachán an tsimplithe dóibh siúd a fuair tairbhe as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (Cistí ESI).